Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14623/19**

**COAFR 241**
**CFSP/PESC 914**
**DEVGEN 222**
**COHOM 130**
**COHAFA 107**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An tSúdáin - conclúidí ón gComhairle (9 Nollaig 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin, a glacadh ag an 3738ú cruinniú den Comhairle ar an 9 Nollaig 2019.

**An tSúdáin**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. A bhuí leis an aistriú polaitiúil sa tSúdáin, tá deis stairiúil ag muintir na Súdáine seasamh le chéile chun iarracht a dhéanamh tír shíochánta, dhaonlathach agus rathúil a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí, don chobhsaíocht i gCorn na hAfraice agus sa réigiún máguaird, go mbeadh rath ar an aistriú sin.

2. Is díol sásaimh don Aontas an malartú leis an bPríomh-Aire Abdalla Hamdok sa Bhruiséil ar an 11 Samhain 2019 agus tá sé meáite i gcónaí, mar phríomh-chomhpháirtí, ar an tSúdáin a thionlacan ar a bealach athchóirithe pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta, chun go mbeidh rath ar an aistriú chuig an daonlathas.

3. D'fhonn cobhsaíocht fhadtéarmach na tíre a ráthú, tá sé ríthábhachtach go n-áireofar gach gné den tsochaí san aistriú sin, go háirithe mná agus an óige, chomh maith le muintir na réigiún sin atá thíos go mór leis an gcoinbhleacht agus leis an imeallú. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá an tsochaí shibhialta sa chomhthéacs sin freisin. Is díol sásaimh don Aontas an rún atá curtha in iúl ag an rialtas idirthréimhseach i ndáil leis an méid sin agus iarrann sé go ndéanfaí iarrachtaí breise lena áirithiú go ndéanfar ionadaíocht ar na grúpaí sin ag gach céim den phróiseas aistrithe. Molann an tAontas rannpháirtíocht iomlán chomhionann éifeachtach fhóinteach na mban go háirithe, lena n-áirítear marthanóirí foréigin ghnéasaigh, sna hiarrachtaí uile a bhaineann leis an aistriú polaitiúil agus chun an tsíocháin agus an tslándáil a chothabháil agus a chur chun cinn.

4. Is é rialtas éifeachtach faoi stiúir na sibhialtach, ag a mbeadh fíorúdarás cinnteoireachta, agus é sin amháin, a thuillfidh muinín mhuintir na Súdáine agus a leagfaidh síos an bonn le haghaidh athchóirithe fiúntacha. Beidh bunú tráthúil na comhairle reachtaí idirthréimhsí ina chéim shuntasach sa phróiseas aistrithe. Is díol sásaimh don Aontas gur mná a ghlacfaidh 40 faoin gcéad, ar a laghad, de na suíocháin sa chomhairle reachtach idirthréimhseach. Is cuid lárnach é institiúidí daonlathacha a thógáil, a áirithiú go n-urramófar an smacht reachta, agus na gníomhaithe daonlathacha a neartú chun an tsíocháin agus an téarnamh eacnamaíoch a bhaint amach. Tá an tAontas réidh chun cabhrú leis an bpróiseas sin trí thacú leis an bhforbairt bhunreachtúil, leis na hiarrachtaí chun an t-idirphlé a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, agus leis an bpróiseas toghchánach atá ar na bacáin. Tá gá le hathchóirithe maicreacnamaíocha suntasacha chun geilleagar na Súdáine a athbheochan agus é a shocrú ar bhealach chun fás cuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach. Tá an tAontas réidh chun tacú le pleananna an rialtais idirthréimhsigh i ndáil leis sin.

5. Is díol sásaimh don Aontas cinneadh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine a oscailt sa tSúdáin, mar aon leis na chéad ghealltanais a thug údaráis na Súdáine chun feabhas a chur ar staid chearta an duine ar fud na tíre. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas na céimeanna misniúla agus dearfacha atá déanta ag údaráis na Súdáine chun deireadh a chur leis an Dlí maidir le hOrd Poiblí. Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun na gealltanais sin a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe trína áirithiú go ndéanfar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha mar aon le hathmhuintearas a chur chun cinn agus a chosaint. Ba cheart an comhrac i gcoinne saoirse ó phionós ina ábhar tosaíochta d'údaráis na Súdáine, go háirithe i gcás iad siúd atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, cuireann an tAontas in iúl go dtacaíonn sé go hiomlán le ceapadh coimisiúin neamhspleách le déanaí a dhéanfaidh imscrúdú ar an bhforéigean a d'fhulaing léirsitheoirí síochánta le linn an tsuí istigh ar an 3 Meitheamh 2019, lena n-áirítear úsáid fhorleathan foréigin gnéasaigh agus foréigin inscnebhunaithe. Iarrann an tAontas ar údaráis na Súdáine a áirithiú go gcuirfear na hacmhainní uile is gá ar fáil don Choimisiún sin chun a chuid oibre a dhéanamh go neamhspleách, agus chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar dhéantóirí na coire.

6. Is mithid do ghníomhaithe uile na Súdáine glacadh leis an deis stairiúil seo agus a léiriú go bhfuil siad tiomanta go fírinneach síocháin chuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach in Darfur, in Kordofan Theas agus sa Níl Ghorm. Is díol sásaimh don Aontas na céimeanna a tugadh le déanaí i dtaca leis sin agus spreagann sé na geallsealbhóirí uile iarrachtaí breise a dhéanamh chun cuimsitheacht a neartú i ngach gné den phróiseas síochána, go háirithe rannpháirtíocht éifeachtach na mban, chomh maith le rannpháirtíocht fhiúntach na hóige. Tá an tAontas réidh i gcónaí chun cabhrú le próiseas síochána faoi stiúir phobal na Súdáine, ar gach bealach atá ar fáil dó, i gcomhar leis na comhpháirtithe réigiúnacha, go háirithe leis an Aontas Afracach, lena n-áirítear - más gá - trí fhreagra cinntitheach a thabhairt ar aon iarrachtaí chun bac a chur ar an bpróiseas síochána. Cé gur díol sásaimh dó an síneadh a cuireadh le sainordú Mhisean Hibrideach na Náisiún Aontaithe agus Aontas na hAfraice in Darfur le déanaí, tá an tAontas ag brath ar na húdaráis idirthréimhseacha agus ar pháirtithe leasmhara eile chun na dálaí a chruthú atá riachtanach don tsíocháin agus chun bearta cothaithe muiníne a chur chun feidhme in Darfur. I ndáil leis an méid sin, iarrann an tAontas ar an tSúdáin comhoibriú go hiomlán leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta de bhun Rún 1593 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

7. Ba cheart don chomhphobal idirnáisiúnta tacaíocht dhea-chomhordaithe threisithe airgeadais a dheonú. Ba cheart do rialtas na Súdáine ceannaireacht láidir a ghlacadh maidir leis an tacaíocht sin a chomhordú agus leanúint dá thosaíochtaí a chur in iúl maidir le tacaíocht sheachtrach airgeadais agus theicniúil. Ó thaobh an Aontais de, tá sé tiomanta do thacaíocht a thabhairt don tSúdáin agus í ag freagairt do riachtanais láithreacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha na tíre, bunaithe ar thosaíochtaí an rialtais idirthréimhsí agus aird á tabhairt ar an ngá práinneach atá le feabhas a chur ar dhálaí socheacnamaíocha an phobail. Beidh trédhearcacht i mbainistiú an gheilleagair náisiúnta agus acmhainní an náisiúin ríthábhachtach sa phróiseas sin. Chuideodh sé le téarnamh eacnamaíoch na Súdáine dá mbainfí an tSúdáin den liosta de Státurraitheoirí Sceimhlitheoireachta na Stát Aontaithe agus dá mbeadh institiúidí idirnáisiúnta airgeadais rannpháirteach an athuair. Chun na críche sin, beidh gá le hiarrachtaí, lena n-áirítear iarrachtaí ón tSúdáin, chun aghaidh a thabhairt go pras ar na bacainní atá fós ann. Tacóidh an tAontas go gníomhach leis an tSúdáin chun an athrannpháirtíocht sin a bhaint amach, rud a chuirfidh le próiseas na tíre maidir le faoiseamh fiachais, rochtain ar airgeadas agus infheistíocht eachtrach a áirithiú. Tá sé sin ríthábhachtach chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach. Is díol sásaimh don Aontas freisin go bhfuil sé ar intinn ag an tSúdáin aontú don Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

8. Cé gur díol sásaimh dó na céimeanna a ghlac an rialtas idirthréimhseach le déanaí, tá imní ar an Aontas i gcónaí faoin staid dhaonnúil atá ag dul in olcas, ar measa í mar gheall ar líon ard dídeanaithe agus daoine atá easáitithe ina dtír féin. Tá sé ríthábhachtach go n-urramóidh geallsealbhóirí uile na Súdáine oibleagáidí idirnáisiúnta, go háirithe prionsabail dhaonnúla agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, chun rochtain dhaonnúil shábháilte gan bhac a áirithiú sa tSúdáin ar fad. Iarrann an tAontas ar údaráis na Súdáine deireadh a chur leis na bacainní maorlathacha atá fós ann maidir le hobair na ngníomhaithe daonnúla agus forbartha. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn cúnamh daonnúil agus cosaint uathu, go háirithe do na daoine is leochailí.

9. Sa chéim nua seo den chaidreamh, is mian leis an Aontas dlús a chur lena idirphlé polaitiúil leis an tSúdáin. Molann an tAontas don tSúdáin a bheith ina comhpháirtí gníomhach i gcreat an Aontais agus na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin. Spreagann sí an tSúdáin freisin páirt chuiditheach a ghlacadh chun tacú leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht i réigiún Chorn na hAfraice, go háirithe mar chathaoirleach ar an Údarás Idir-Rialtasach Forbartha.